Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Feabhra 2025
(OR. en)

5740/25
ADD 1
LIMITE
PV CONS 4
RELEX 111

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

27 Eanáir 2025

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

PUBLIC

**3. Cúrsaí reatha**

Thug an Chomhairle aghaidh ar an staid sa tSeoirsia, sa Mholdóiv agus i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

**4. Fogha na Rúise faoin Úcráin**[1]
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le freagairt an Aontais ar fhogha na Rúise faoin Úcráin.

**5. An staid sa Mheánoirthear**
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an staid sa Mheánoirthear, lena n-áirítear an tSiria, an Liobáin agus Gaza.

**6. An caidreamh idir an tAontas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá**
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe.

**7. Aon ghnó eile**

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil maidir leis an Iaráin (5660/25) agus an fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil maidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (5657/25).

---

Mír shrianta

---

[1] I láthair Aire Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine (trí fhíschomhdháil)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 5512/25 + COR 1**

PUBLIC

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'A':** | **Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN ARD-IONADAÍ AGUS ÓN gCOIMISIÚN**

'1. Is ábhar slándála don Aontas í sláine an bhonneagair fuinnimh a sholáthraíonn do Bhallstáit an Aontais. Tá an Coimisiún ag súil go n-urramóidh gach tríú tír é sin agus tá sé faoi réir le bearta a dhéanamh chun bonneagar criticiúil fuinnimh a chosaint, cuir i gcás cáblaí leictreachais agus píblíne nó saoráidí ola agus gáis.

2. Tá an Coimisiún agus Ballstáit an Aontais lántiomanta i gcónaí don tacaíocht leanúnach don Úcráin agus, sa chomhthéacs sin, cuideoidh siad le bonneagar fuinnimh na hÚcráine, ina bhfuil ról ríthábhachtach ag na Ballstáit, lena n-áirítear an Ungáir agus an tSlóvaic, a dheisiú, a nascadh agus a chobhsú. Tá an Coimisiún faoi réir le leanúint den phlé leis an Úcráin maidir leis an soláthar don Eoraip tríd an gcóras píblíne gáis san Úcráin i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta na hÚcráine. Sa chomhthéacs sin, tá an Coimisiún faoi réir chun an Ungáir a chomhlachú sa phróiseas (in éineacht leis an tSlóvaic). Meabhraíonn an Coimisiún a thábhachtaí atá an comhar réigiúnach, agus is díol sásaimh dó an rannpháirtíocht sa chomhar réigiúnach maidir le Nascacht Fuinnimh do Lár agus Oirdheisceart na hEorpa (CESEC) chun an córas fuinnimh agus idirnaisc sa réigiún a neartú.

3. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil leis an Úcráin chun na dearbhuithe a iarraidh maidir le haistrithe píblíne ola chuig an Aontas a choinneáil ar bun.

4. Meabhraíonn an Coimisiún RepowerEU agus tá sé ar intinn aige treochlár a thíolacadh chun a chuspóirí comhaontaithe a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, tá an Coimisiún faoi réir chun tacú le tionscadail éagsúlaithe na mBallstát.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 12 ar liosta na míreanna 'A':** | **Conclúidí i ndáil le tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhfóraim na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine in 2025**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Míreanna 8, 9

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Ina theannta sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar bhunluach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 2 CAE agus in Airteagal 8 CFAE. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, tuigeann an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus tuigeann sí an coincheap 'comhionannas inscne' mar thagairt do 'comhionannas idir fir agus mná'.

Mír 14

Is mór ag an Ungáir aontacht an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus tacaíonn sí le mionsaothrú chomhsheasaimh an Aontais maidir le cúrsaí idirnáisiúnta a bhaineann le cearta an duine, lena n-áirítear maidir leis na saincheisteanna a léirítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine 2025.

Ag an am céanna, agus i bhfianaise gach ar thit amach le déanaí, ba mhian linn béim a leagan ar an bhfoclaíocht sa mhír a bhaineann le hIosrael/na críocha Palaistíneacha faoi fhorghabháil, ina n-úsáidtear, den chuid is mó, friotal a forbraíodh do chúinsí a bhí ann roimhe seo, agus a mholadh go ndéanfar athbhreithniú air le haghaidh na caibidlíochta a dhéanfar amach anseo. Ba mhaith linn béim a leagan ar an ngá le friotal nua réamhbhreathnaitheach a úsáid do na saincheisteanna a chlúdaítear anseo, measaimid go bhfuil na gnéithe mar atá siad faoi láthair as dáta, i bhfianaise na n-imeachtaí a tharla le déanaí. Dá bhrí sin, níor cheart téacs na míre thuasluaite a bheith ina thagairt d’aon ráiteas ná doiciméad a bheidh ann amach anseo maidir leis an ábhar sin.

Mír 40

Ba léiriú suntasach comhthola é gur glacadh Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, arna ghlacadh ag an gceathrú comhdháil dhomhanda ar stádas na mban. Thug siad tús áite do theachtadh na gceart daonna san fhorbairt, agus rinneadh dul chun cinn tábhachtach i réimsí na sláinte, an chomhionannais idir fir agus mná agus an oideachais ó glacadh iad. Tá na réimsí sin i gcroílár Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ina gcuimsítear mar phrionsabail bhunúsacha urramú uilíoch chearta an duine agus dínit an duine, an smacht reachta, an ceartas, an comhionannas agus an neamh-idirdhealú.

Leanann an Ungáir de bheith tiomanta dá cuid gealltanas i ndáil le cearta an duine, lena n-áirítear cosaint agus cur chun cinn chearta na mban agus an chomhionannais idir mná agus fir. Tá an Ungáir lántiomanta do chur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta ICPD agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising chomh maith le Clár Oibre 2030, atá ag fónamh freisin mar thagairtí bunúsacha i réimsí na sláinte gnéis agus atáirgthe agus na gceart atáirgthe. Tugann an Ungáir dá haire nach bhfuil sainmhíniú comhthoiliúil ar fáil don téarma ‘sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo’, ná do shaincheisteanna gaolmhara, amhail ‘cearta gnéis’, ‘oideachas cuimsitheach gnéis’, ‘modhanna nua-aimseartha frithghiniúna’ ‘frithghiniúint éigeandála’ ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear laistigh den Aontas Eorpach. Déanann an Ungáir na saincheisteanna sin a thuiscint agus a chur chun cinn i gcomhthéacs Chlár Oibre 2030, Chlár Gníomhaíochta ICPD agus Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, agus i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta.’

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 13 ar liosta na míreanna 'A':** | **Comhpháirtíocht straitéiseach chuimsitheach leis an Iordáin**<br>*Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a shíniú* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR, ÓN nGEARMÁIN, Ó ÉIRINN, ÓN nGRÉIG, ÓN SPÁINN, ÓN UNGÁIR, ÓN ÍSILTÍR AGUS ÓN OSTAIR**

'Is díol mór sásaimh don Bhulgáir, don Ghearmáin, d'Éirinn, don Ghréig, don Spáinn, don Ungáir, don Ísiltír agus don Ostair go bhfuil sé ar intinn ag an Aontas Dearbhú Comhpháirteach a shíniú maidir leis an gComhpháirtíocht Straitéiseach Chuimsitheach idir an tAontas agus an Iordáin, ós rud é go measann an Bhulgáir, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Ungáir, an Ísiltír agus an Ostair go bhfuil sé práinneach an chomhpháirtíocht leis an Iordáin a athdhearbhú agus a dhoimhniú le linn na tréimhse luainí seo.

Ar leibhéal an nós imeachta, áfach, cuireann an Bhulgáir, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Ungáir, an Ísiltír agus an Ostair go láidir in aghaidh shárú leanúnach an nós imeachta. Maidir leis an litir a seoladh i mí na Nollag 2024 (16795/24), iarraimid ar an gCoimisiún na socruithe maidir le hionstraimí neamhcheangailteacha a urramú. Mar a tharla i gcásanna eile roimhe seo, níor cloíodh leis an tréimhse 5 seachtaine (cé is moite de chásanna práinne a bhfuil údar cuí leo) a leagtar síos sna socruithe sin chun go ndéanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar an dréachtdoiciméad. Thairis sin, ní bhfuair an Chomhairle dóthain ama chun measúnú a dhéanamh ar an dréacht críochnaitheach roimh ré sular iarradh uirthi é a shíniú le linn sheisiún na Meithle um an Maisreic/an Maghraib an 20.1.2025.

Ina theannta sin, iarrann an Bhulgáir, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Ungáir, an Ísiltír agus an Ostair go gcoinneofaí na Ballstáit ar an eolas go beo maidir le treochlár cur chun feidhme a fhorbairt don Chomhpháirtíocht Straitéiseach Chuimsitheach seo chomh maith le haon ghné airgeadais agus gach gné airgeadais a eascraíonn aisti.

Mar fhocal scoir, cuireann an Bhulgáir, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Ungáir, an Ísiltír agus an Ostair i bhfios go láidir nach mór cloí go hiomlán le rialacha agus rialacháin nós imeachta in aon chás agus i ngach cás a bheidh ann amach anseo, ach go bhfuil siad toilteanach na sáruithe nós imeachta a liostaítear thuas a cheadú, an t-aon uair amháin eile, sa chás eisceachtúil seo.'

PUBLIC